C/2025/6358

25.11.2025

AN BREITHIÚNAS Ó ARDRÚNAÍ PHARLAIMINT NA HEORPA

(C/2025/6358)

TÁ ARDRÚNAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA

ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin ([1]), arna leasú, go háirithe, le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([2]), agus go háirithe Airteagal 30 de na Rialacháin,

ag féachaint do Chinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 13 Eanáir 2014 maidir le tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin (ÚC) agus an údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích agus do Chinneadh ó Ard-Rúnaí an 25 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear leithdháileadh chumhachtaí an údaráis ceapacháin (ÚC) agus an údaráis atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích,

ag féachaint don dáta éagtha, an 31 Nollaig 2025, de na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas de Pharlaimint na hEorpa:

AD/2/20, AD/2/21, AST/2/20, AST-SC/1/20, PE/AD/260/2021/TRAD, PE/AD/261/2021/TRAD, PE/AD/272/2022/TRAD agus san AGUISÍN a ghabhann leis, PE/226/S - 1, PE/226/S - 2, PE/226/S - 3, PE/226/S - 4, PE/228/S, PE/229/S - 1, PE/229/S - 2, PE/229/S - 3, PE/232/S, PE/257/S, PE/259/S, P/2020/AD9 (P), P/2020/AD10 (P), P/2020/AST/6 (P), P/2020/AST/7 (P),

ag féachaint don tuairim ón gComhchoiste arna heisiúint ag a chruinniú an 22 Deireadh Fómhair 2025,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Airteagal aonair:

Maidir le tréimhse bhailíochta na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha seo a leanas:

AD/2/20, AD/2/21, AST/2/20, AST-SC/1/20, PE/AD/260/2021/TRAD, PE/AD/261/2021/TRAD, PE/AD/272/2022/TRAD agus san AGUISÍN a ghabhann leis, PE/226/S - 1, PE/226/S - 2, PE/226/S - 3, PE/226/S - 4, PE/228/S, PE/229/S - 1, PE/229/S - 2, PE/229/S - 3, PE/232/S, PE/257/S, PE/259/S, P/2020/AD9 (P), P/2020/AD10 (P), P/2020/AST/6 (P), P/2020/AST/7 (P);

déantar í a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2026.

An Bhruiséil, an 6 Samhain 2025.

An tArd-Rúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.
([2]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj.